Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Treoir maidir leis an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

Is córas an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA) trína n-éascaítear caighdeánú ar íocaíochtaí leictreonacha Euro ar fud na hEorpa. De réir SEPA, ní mór go n-aithnítear gach cuntas bainc le hUimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) agus Cód Aitheantais Bainc (BIC).

Ní mór feidhm a bhaint as Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) chun íocaíocht a dhéanamh. Tá an Cód Aitheantais Bainc (BIC) roghnach.

Tá 33 tír sa cheantar SEPA. Is iad seo na 28 ballstát den Aontas Eorpach:
An Bheilg, An Bhulgáir, An Chipir, An Chróit, An Danmhairg, An Eastóin, Éire, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Iodáil, An Ísiltír, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ostair, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An Ríocht Aontaithe, Poblacht na Seice, An tSlóivéin, An tSlóvaic, An Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.
Ar deireadh, is rannpháirtithe iad An Eilvéis, An Iorua, An Íoslainn, Lichtinstéin agus Monacó chomh maith.

Féadfaidh custaiméirí feidhm a bhaint as cuntas bainc reatha lonnaithe in aon cheann de na 33 tír rannpháirteacha chun íocaíochtaí a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Má bhíonn aon imní ar chustaiméirí, ba chóir dóibh deimhniú lena mbanc go bhfuil an cuntas banc is mian leo a úsáid inrochtana ag SEPA.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.